

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Eolaíocht  
TUAIRISC**

**Coláiste an Eachréidh,  
Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe  
Uimhir Rolla: 76102K**

**Dáta na cigireachta: 15 Nollaig 2010**



**AN ROINN | DEPARTMENT  
OIDEACHAIS | OF EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

# TUAIRISC

## AR

### CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SAN EOLAÍOCHT

---

#### TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí. Leagann sí amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama san Eolaíocht agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, agus scrúdaíodh obair na scoláirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

#### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Is scoil iarbhunoideachais, chomhoideachais é Coláiste an Eachréidh a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh an scoil i Mí Lúnasa, 2006. Tá fás leanúnach tagtha ar an rollachán ó shin. Tá an bhainistíocht den tuairim go sroichfidh an rollachán thart ar dhá chéad scoláire, le himeacht ama.

Tairgeann an scoil Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic sa timthriall sinsearach agus is ábhar éigeantach an Eolaíocht sa timthriall sóisearach. Cé go bhfuil na huimhreacha sa scoil beag agus go gcruthaíonn seo deacrachtaí i ndéanamh anailíse, is léir go bhfuil roghnúchán na n-ábhar Eolaíochta ar bhonn folláin. Ag cur méid na scoile san áireamh, agus na hacmhainní teagaisc atá ar fáil di dá thoradh, léiríonn an soláthar leathan d'ábhair Eolaíochta go bhfuil an scoil tiomnaithe do fhreastal ar riachtanais churaclaim na scoláirí, chomh fada agus is indéanta sin. Tá an lamháil ama don Eolaíocht feiliúnach agus ag teacht leis na treoirlínte siollabais. Cruthaítear na bloic roghanna don timthriall sinsearach agus iad bunaithe ar chlaonta na scoláirí agus is maith an cleachtas é seo.

Is í atá mar chóiríocht ag an scoil ná cóiríocht mhodúlach, shealadach. D'ainneoin na dteorainneacha a ghabhann le cóiríocht dá leithéid seo, tá na saoráidí do na hábhair Eolaíochta sásúil. Tá ardobair déanta chun na háiseanna a bhí ar fáil cheana a oiriúnú mar shaotharlann, agus chun a chinntiú go stóráiltear gach ábhar agus gach acmhainn go cuí. Tá an tsaotharlann Eolaíochta glan agus caoi mhaith uirthi. Cuirtear lena héifeacht trí obair na scoláirí, chomh maith le cairteanna Eolaíochta, póstaer, earraí gloine agus fearas, a chur ar taispeáint inti. Múintear ceachtanna Eolaíochta, freisin, i rangsheomra atá glan, geal agus dea-chóirithe. Tá rochtain an-mhaith ag na seomraí uile ina múintear Eolaíocht ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). Le linn na cigireachta, iniúchadh córas comhad ríomhaireachta na scoile agus ba léir go raibh an-obair déanta i dtaca le raon an-leathan d'acmhainní leictreonacha a chruthú agus a thiomsú. Faoi láthair, tá an scoil ag saothrú chun timpeallacht fhíorúil foghlama a chruthú, a mbeidh rochtain ag múinteoirí agus scoláirí uirthi. Tá moladh ag dul don tionscnamh seo agus don obair atá déanta cheana ar mhaithe le húsáid na TFC a chur chun cinn sa scoil.

Tugtar tacaíocht mhaith d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí. Gríosáíonn agus misníonn an scoil na múinteoirí chun a bheith rannpháirteach i gCumann Eoloidí na hÉireann agus éascaítear freastal na múinteoirí ar chúrsaí inseirbhíse oideachais ábhartha.

Tacaíonn na múinteoirí Eolaíochta le rannpháirtíocht na scoláirí i roinnt imeachtaí seach-churaclaim bunaithe ar an Eolaíocht de leithéidí Sheachtain na hEolaíochta, trátha na gceist agus léachtaí ó aoichainteoirí. Cabhraíonn rannpháirtíocht na scoláirí sna himeachtaí seo lena suim san Eolaíocht a chothú agus cuirtear ar a gcumas teacht ar fheasacht níos doimhne ar ionad na hEolaíochta sa ghnáthshaol laethúil.

### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

Sa scoil seo, tá an cur chuige i dtaca le pleanáil ábhair don Eolaíocht an-sásúil go deo. Tionóltar cruinniú foirmiúil gach téarma ach de bhrí gur beirt oidí ábhair Eolaíochta atá i gceist, is ar bhonn neamhfhoirmiúil a dhéantar an chuid is mó den chumarsáid, rud a tharlaíonn go rialta i gcaitheamh na seachtaine. Ba léir ó idirhainteanna leis na múinteoirí go gcleachtann siad cur chuige an-chomhoibritheach sa phleanáil. Mar thoradh ar seo, tá plean foirmiúil ábhair curtha ar fáil. Iniúchadh an doiciméad seo agus is den scoth é. Ba léir ó chailíocht na ndoiciméad pleanála, ón obair a cuireadh i gcrích in athchóiriú agus in eagrú an tsaotharlann Eolaíochta, agus ón fhorbairt atá déanta ar acmhainní TFC, go bhfuil na múinteoirí Eolaíochta tiomanta ina gcuid oibre don chaighdeán is airde oideachais a sholáthar dá scoláirí uile. Léirigh scrúdú doiciméad agus plé leis na múinteoirí go bhfuil siad machnamhach ina gcleachtais. Tá roinnt achar sainaitheanta acu cheana le forbairt. Ar mhaithe le tógáil ar an dea-obair seo, moltar go dtabharfaí tosaíocht do na hachair sin a mbeidh an tionchar is mó acu ar fhoghlaim na scoláirí agus go ndíreofaí isteach orthu seo le linn na hoibre.

Bhí an phleanáil indibhidiúil do gach ceacht a breathnaíodh den chailíocht is airde. Bhí dea-struchtúr ar na ceachtanna, bhí na hacmhainní riachtanacha ar láimh agus iad ullmhaithe roimh ré, bhí na hoidí ina saineolaithe i dtaca lena n-eolas ar an ábhar, bhí na gníomhaíochtaí pleanáilte feiliúnach ar fad agus d'éirigh leo foghlaim na scoláirí a bhogadh chun cinn.

### **TEAGASC AGUS FOGHLAIM**

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith sna ceachtanna go léir. Baineadh úsáid as raon modhanna teagaisc i ngach ceacht chun suim na scoláirí a mhealladh, chun eolas nua a chur i láthair agus a mhíniú, chun rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí sa bhfoghlaim a chothú, agus chun a dhearbhu gur thuig na scoláirí agus gur shealbhaíodar a raibh feicthe agus cloiste acu. Gné shuntasach de na ceachtanna uile a breathnaíodh ba ea an dea-úsáid a baineadh as TFC. Stiúradh na ceachtanna go léir trí mheán na Gaeilge. Leagadh béim cheart ar a dhearbhu go raibh an foclóir teicniúil ábhartha don topaic ar eolas ag na scoláirí. Míníodh téarmaí nua gan dul i muinín an aistriúcháin go Béarla.

Chuaigh sé go mór chun leasa do na mic léinn go bhfuair siad ardleibhéil tacaíochta óna múinteoirí. Gríosáíodh iad chun ceisteanna a chur agus má ba léir go raibh deacracht ag scoláire ar bith, thug an múinteoir tacaíocht dó/di ar bhonn aonair.

I ngach ceacht a ndearnadh cigireacht air, bhí cáilíocht an bhainistiú ranga go han-mhaith. Baineadh feidhm as gnáthaimh seanbhunaithe a d'oibrigh go maith i ngach ceacht. Rinneadh na gníomhaíochtaí foghlama a bhainistiú go maith agus bhí luas ceart fúthu. D'inspreag na múinteoirí a scoláirí, ghríosáigh siad iad le bheith lán-rannpháirteach sna ceachtanna agus chuir siad mar dhúshlán rompu machnamh ar na topaicí a bhí faoi chaibidil. Ag breathnú ar na mic

léinn i mbun oibre, ba léir go raibh siad aidhmiúil agus dírithe ar a gcuid oibre. Chomhoibrigh siad go maith lena chéile agus ba shoiléir go raibh taithí acu ar oibriú mar bhail foirne.

Bhí an t-atmaisféar ranga le linn gach ceachta go han-dearfach. Bhí an timpeallacht fhoghlama suaimhneach ach cuspóireach. Ba léir go raibh gaolmhaireacht chomhurrnach idir na múinteoirí agus na scoláirí. Bhí na scoláirí ar a gcompord ag cur ceisteanna agus dhéileáil na múinteoirí go dearfach leo seo. Thug na múinteoirí aischothú dearfach ar fhreagraí agus ar iarrachtaí na mac léinn agus chuir sé seo leis an atmaisféar dearfach foghlama.

De bhreis ar cheachtanna a bhreathnú, bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus bhí sé soiléir go raibh a n-aire dírithe ar a gceachtanna agus go raibh a rannpháirteachas iontu go maith. Bhí fosc ar na scoláirí chun foghlama agus bhí siad lánfhonnmhar ceisteanna a chur agus a fhreagairt. Léirigh siad suim chreidiúnach san Eolaíocht agus bhí dearcadh dearfach acu i leith an ábhair de thoradh na taithí foghlama dearfa a bhí faighte acu. Bhí cailíocht na bhfreagraí ó na mic léinn ar cheisteanna a chuir a múinteoirí agus an cigire go han-maith, ar an iomlán.

## **MEASÚNÚ**

Tá socrúithe cuí leagtha síos ag an scoil chun dul chun cinn na scoláirí a mheas ar bhonn rialta agus chun tuistí na scoláirí a chur ar an eolas maidir leis seo go tréimhsiúil. Is cuid den modh imeachta é torthaí na scoile sna scrúduithe teastais a chur i gcomparáid le meáin náisiúnta agus tacaíonn an cleachtas seo le próiseas an phleanáil ábhair. An rud is suntasaí ná go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn na scoláirí i gcaitheamh a dtréimhse scolaíochta ar fad agus tuairiscíonn an scoil go dtacaítear leo agus go ngríosáitear iad chun an leibhéal is airde is féidir a bhaint amach. Tá na córais atá i bhfearas lena dheimhniú go mbíonn cumarsáid idir an scoil agus na tuistí sásúil. Orthu seo áirítear tuairiscí foirmiúla, cruinnithe tuistí-oidí, agus úsáid dialann scoile na mac léinn chun teachtaireachtaí a mhalartú.

Tá sé forbartha mar dhea-chleachtas ag na múinteoirí Eolaíochta go mbronntar marcanna ar obair na scoláirí i dtaifeadadh a dturgnamh, ar a n-obair charnach i rith na bliana, agus ar chailíocht chóipleabhair na scoláirí. Is tairbheach an cleachtas é seo toisc go soláthraíonn sé táscaire foriomlán ar dhul chun cinn na scoláirí agus go dtugann sé aitheantas dá ndícheall leanúnach i rith a mblianta scolaíochta. Seans go bhféadfaí cur a thuilleadh leis an dea-chleachtas seo trí ghné éigin de mheasúnú foirmiúil ar scileanna turgnaimh na mac léinn a chuimsiú ann. Dá n-áireofaí gné dá leithéid seo ann, thacófaí leis an gcleachtas atá ann cheana measúnú a dhéanamh ar na cuntais scríofa ar thorthaí obair thurgnaimh na mac léinn agus luach saothair a bhronnadh orthu.

Iniúchadh samplaí d'obair scríofa na scoláirí le linn na cigireachta. Ba léir uathu seo gur gné choitianta d'fhoghlaim na scoláirí í an obair bhaile. Dáiltear agus ceartaítear go rialta í agus chonacthas sna cóipleabhair a breathnaíodh nótaí tráchta, a bhí treorach agus dearfach, scríofa ag na hoidí chun cabhrú leis na scoláirí a gcuid oibre a fheabhsú. Ag cur na mbliainghrúpaí agus an t-am den bhliain san áireamh, bhí roinnt mhaith obair thurgnaimh curtha i gcrích ag na scoláirí. Ar an iomlán, tá an úsáid a bhaintear as measúnú sa scoil seo an-tacúil d'fhoghlaim na scoláirí.

## **ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ**

- Tá an fhoireann Eolaíochta gairmiúil, tiomnaithe agus tugtha dá gcuid oibre.
- Bhí cailíocht an tsoláthair ábhar agus na tacaíochta do na hEolaíochtaí go han-mhaith.
- Bhí cailíocht na pleanála don Eolaíocht go han-mhaith.
- Breathnaíodh teagasc agus foghlaim ar chaighdeán an-ard.

- Baintear dea-úsáid as measúnú chun tacaíochtaí maithe a chur ar fáil d'fhoghlaim na scoláirí.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Mar thógáil ar an dea-obair atá déanta cheana i leagadh amach liosta achar le forbairt sa todhchaí, moltar go dtabharfadh na hoidí Eolaíochta tosaíocht don achar a mbeidh an tionchar is mó aige ar fhoghlaim na scoláirí agus go ndíreofaí isteach air seo le linn na hoibre.

Eagraíodh cruinniú iarmheastóireachta leis an bPríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.